L 8 M 13A

Scrúduimhir
Examination Number

29831

AN ROINN OIDEACHAIS

# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 1997
# LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 1997

# FRAINCIS — GNÁTHLEIBHÉAL
# FRENCH — ORDINARY LEVEL

TRIAIL CHLUASTUISCEANA (100 marc)
LISTENING COMPREHENSION TEST (100 marks)

**DÉ MÁIRT, 17 MEITHEAMH — 12.10 go dtí 12.50**
**TUESDAY, 17 JUNE — 12.10 to 12.50**

STAMPA AN IONAID
(Centre Stamp)

| | |
|---|---|
| Cuid I | |
| Cuid II | |
| Cuid III | |
| Cuid IV | |
| Cuid V | |
| Iomlán | |

*N.B.* Bíodh do fhreagraí as Gaeilge, ach ní gá go mbeadh siad i bhfoirm abairtí iomlána. *Tá cead agat leithead iomlán an leathanaigh a úsáid do na freagraí.*

*N.B.* Questions to be answered in English, not necessarily in complete sentences. *You may use the full width of the page when answering.*

## AN CHÉAD CHUID / FIRST PART

Anois cloisfidh tú giota as agallamh le Danièle Bernadet a chuir a gnó féin ar bun le déanaí i bPáras. *P'titour* is ainm don ghnó sin.

Cloisfidh tú an t-ábhar **trí huaire**. Ar dtús cloisfidh tú ó thús deireadh é; ansin athchloisfidh tú é i **dtrí mhír**, agus sosanna ann. Ar deireadh, cloisfidh tú tríd síos arís é.

You will now hear an extract from an interview with Danièle Bernadet who recently set up her own business called *P'titour* in Paris.

The material will be played **three times**: first right through, then in **three segments** with pauses and finally, right through again.

**1.** (i) Cén tseirbhís a chuireann *P'titour* ar fáil?

(*a*) ag cabhrú le daoine post a fháil.
(*b*) ag tabhairt aire do mhadraí.
(*c*) ag eagrú laethanta saoire san iasacht.
(*d*) comhairle faoi bhainistíocht.

**1.** (i) What service does *P'titour* provide?

(*a*) helping people to get a job.
(*b*) looking after dogs.
(*c*) arranging foreign holidays.
(*d*) management consultancy.

☐

(ii) Cén aois a bhí ag Madame Bernadet nuair a chuir sí *P'titour* ar bun?

(ii) What age was Madame Bernadet when she set up *P'titour*?

______________________________

**2.** Cathain is mó a bhíonn *P'titour* gnóthach?

(*a*) ag an deireadh seachtaine.
(*b*) ó Luan go hAoine
(*c*) istoíche.
(*d*) i rith na laethanta saoire.

**2.** *P'titour* is busiest

(*a*) at weekends.
(*b*) on weekdays.
(*c*) at night.
(*d*) during holidays.

☐

**3.** Deir Madame Bernadet

(*a*) go bhfostaíonn sí mic léinn ar bhonn páirtaimseartha.
(*b*) nach bhfuil duine ar bith fostaithe aici.
(*c*) go bhfuil a lán daoine fostaithe go lánaimseartha aici.
(*d*) nach bhfostaíonn sí mic léinn ar bith.

**3.** Madame Bernadet says that

(*a*) she employs students on a part-time basis.
(*b*) that she has no employees.
(*c*) that she has a lot of full-time workers.
(*d*) that she employs no students.

☐

## AN DARA CUID

Anois cloisfidh tú giota as agallamh leis an lúthchleasaí Marie-Jo Pérec a bhuaigh boinn óir ag na Cluichí Oilimpeacha in Atlanta.

Cloisfidh tú an t-ábhar **trí huaire**. Ar dtús cloisfidh tú ó thús deireadh é. Ansin athchloisfidh tú é i **gceithre mhír** le sosanna eatarthu. Ar deireadh cloisfidh tú tríd síos arís é.

## SECOND PART

You will now hear an extract from an interview with the athlete Marie-Jo Pérec, a French gold medallist at the Olympic Games in Atlanta.

The material will be played **three times**: first right through, then in **four segments** with pauses and, finally, right through again.

**1.** Cén t-eolas a thugann Marie-Jo Pérec dúinn faoin saghas duine í féin. (Pointe **amháin**)

**1.** What does Marie-Jo Pérec tell us about the kind of person she is? (**One** point)

---

**2.** (i) Cén chathair a mbeidh an chéad rás eile ag Marie-Jo ar siúl inti?

**2.** (i) In what city will Marie-Jo's next race take place?

---

(ii) Scríobh síos sampla **amháin** a thugann Marie-Jo Pérec anseo de na slite a gcaithfidh sí féin agus na hiomaitheoirí eile cuid den am nach mbeidh siad ar an traic ag an gcéad chomórtas lúthchleasaíochta eile?

(ii) Write down **one** example Marie-Jo gives here of how she and the other competitors will spend some of their time off the track at the next athletic meeting?

---

**3.** (i) Cén tír ina gcónaíonn Marie-Jo anois?

**3.** (i) In what country does Marie-Jo now live?

---

(ii) Céard a deir Marie-Jo faoina grúpa traenála?

- (*a*) Níl fir ar bith ann.
- (*b*) Is í féin an t-aon bhean amháin ann.
- (*c*) Tá an oiread céanna fear agus ban ann.
- (*d*) Mionlach is ea na fir ann.

(ii) In her training group

- (*a*) there are no men.
- (*b*) she is the only woman.
- (*c*) there are equal numbers of men and women.
- (*d*) men are in the minority.

☐

**4.** (i) Cén aois a bheidh Marie-Jo faoin am go mbeidh Cluichí Oilimpeacha na bliana 2004 ar siúl?

**4.** (i) What age will Marie-Jo be at the time of the 2004 Olympic Games?

---

(ii) Céard atá i gceist aici a dhéanamh nuair a éireoidh sí as an iomaíocht?

- (*a*) bheith ina traenálaí.
- (*b*) bheith ina hiriseoir spóirt.
- (*c*) feisteas spóirt a dhearadh.
- (*d*) dul ag obair ar an teilifís.

(ii) When she retires from competition, she hopes to

- (*a*) become a coach.
- (*b*) be a sports journalist.
- (*c*) design sportswear.
- (*d*) work in television.

☐



THALL →
OVER →

## AN TRÍÚ CUID

## THIRD PART

Anois cloisfidh tú giota as agallamh le bean tine ón bhFrainc arb ainm di Marie-Ange Parère.

Cloisfidh tú an t-ábhar **trí huaire**. Ar dtús cloisfidh tú ó thús deireadh é. Ansin athchloisfidh tú é i **dtrí mhír** le sosanna eatarthu. Ar deireadh cloisfidh tú tríd síos arís é.

You will now hear an extract from an interview with a French fire-fighter, Marie-Ange Parère.

The material will be played **three times**: first right through, then in **three segments**, with pauses and finally, right through again.

**1.** (i) Ceard é dearcadh Marie-Ange maidir leis an dainséar?

**1.** (i) What is Marie-Ange's attitude to danger?

---

(ii) Cén aois a bhí ag Marie-Ange nuair a chuir sí isteach ar an bpost seo?

(ii) What age was Marie-Ange when she applied for this job?

---

**2.** Dar le Marie-Ange, nuair a chuaigh sí i mbun a poist nua ar dtús

(*a*) cheap cuid dá comhghleacaithe nach raibh sí ábalta an jab a dhéanamh.

(*b*) bhí eagla ar chuid dá comhghleacaithe roimpi.

(*c*) cheap cuid dá comhghleacaithe gur shároibrí í.

(*d*) dhiúltaigh cuid dá comhghleacaithe oibriú léi.

**2.** Marie-Ange says that when she first took up her new job, some of her colleagues

(*a*) thought that she was not able for the job.

(*b*) were intimidated.

(*c*) thought she was an excellent worker.

(*d*) refused to work with her.

☐

**3.** Céard a deir Marie-Ange faoina líontí?

(*a*) Teastaíonn uathu go n-éireodh sí as a cuid oibre.

(*b*) Braitheann siad go mbíonn sí as baile rómhinic.

(*c*) Ceapann siad go bhfuil sí míshásta.

(*d*) Glacann siad leis an rogha a rinne sí.

**3.** Marie-Ange says that her family

(*a*) want her to give up her work.

(*b*) feel that she is away from home too often.

(*c*) think that she is unhappy.

(*d*) respect the choice that she made.

☐

## AN CEATHRÚ CUID — FOURTH PART

Anois cloisfidh tú giota as agallamh le François Bayrou, ball de Rialtas na Fraince.

Cloisfidh tú an t-ábhar **trí huaire**. Ar dtús cloisfidh tú ó thús deireadh é. Ansin athchloisfidh tú é i **dtrí mhír** le sosanna eatarthu. Ar deireadh cloisfidh tú tríd síos arís é.

You will now hear an extract from an interview with François Bayrou, a member of the French Government.

The material will be played **three times**: first right through, then in **three segments** with pauses, and finally, right through again.

**1.** (i) Cén post a deirtear linn atá ag François Bayrou i Rialtas na Fraince?

**1.** (i) What post are we told François Bayrou holds in the French Government?

---

(ii) Baineann an t-agallamh seo a cuireadh ar François Bayrou

(*a*) le hóráid a thug sé.

(*b*) le cinneadh rialtais a rinneadh le déanaí.

(*c*) le leabhar atá scríofa aige.

(*d*) le toghcháin a bheidh ar siúl go luath.

(ii) François Bayrou is being interviewed about

(*a*) a speech he has made.

(*b*) a recent Government decision.

(*c*) a book he has written.

(*d*) forthcoming elections.

☐

**2.** Dar le François Bayrou

(*a*) tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint ag na Francaigh ar a bhféiniúlacht.

(*b*) rachadh Eoraip aontaithe chun dochair don Fhrainc.

(*c*) níl spéis ag duine ar bith in aontú na hEorpa.

(*d*) cúis náire dó féin a bheith ina Fhrancach.

**2.** François Bayrou says that

(*a*) French people need to have a sense of their identity.

(*b*) a united Europe would be bad for France.

(*c*) nobody is interested in European unity.

(*d*) he is ashamed to be French.

☐

**3.** Dar le François Bayrou, cé acu ceann díobh seo a leanas atá ina fhadhb nach mór a réiteach?

(*a*) cumhacht na gceardchumann.

(*b*) cumhacht an airgid.

(*c*) an dífhostaíocht.

(*d*) an truailliú.

**3.** Which of the following is a problem to be overcome, according to François Bayrou?

(*a*) the power of trade unions.

(*b*) the power of money.

(*c*) unemployment.

(*d*) pollution.

☐



THALL →
OVER →

## AN CÚIGIÚ CUID / FIFTH PART

Anois cloisfidh tú gach ceann de **thrí mhír** nuachta ón raidió **faoi dhó**. Beidh sos tar éis gach éisteachta.

You will now hear each of **three** radio news items **twice**. There will be a pause after each playing.

**1.** (i) Cén grúpa is cúis leis an trácht a stopadh?

(*a*) Tiománaithe feithclí troma.
(*b*) Feirmeoirí.
(*c*) Oibrithe bóthair.
(*d*) Tiománaithe tacsaí.

**1.** (i) Traffic is being held up by

(*a*) drivers of heavy vehicles.
(*b*) farmers.
(*c*) road workers.
(*d*) taxi drivers.

☐

(ii) Scríobh síos **ceann amháin** de na héilimh atá ag an lucht agóide.

(ii) Write down **one** of the demands that the protesters are making.

______________________________

**2.** (i) Cén sórt aimsire ba chúis leis na timpistí seo?

**2.** (i) What type of weather conditions caused these accidents?

______________________________

(ii) Cé mhéad duine a maraíodh?

(ii) How many people were killed?

______________________________

**3.** (i) Cá bhfuil na teifigh seo ag dul?

**3.** (i) Where are these refugees going?

______________________________

(ii) Luaigh **rud amháin** atá ag moilliú ghluaiseacht na dteifeach, de réir na tuairisce seo.

(ii) Name **one** factor mentioned here that slows down the movement of the refugees.

______________________________

# CRÍOCH END